Scéala Feighlithe Leanaí
Childminders' News

Imleabhar 7, Eagrán 2 **Earrach 2009**

Coiste Cúraim Leanaí Chontae agus Chathair na Gaillimhe

Seachtain Náisiúnta na bhFeighlithe Leanaí: 28 Márta – 3 Aibreán

Tá dhá ócáid socraithe chun Seachtain Náisiúnta na bhFeighlithe Leanaí a chéiliúradh i nGaillimh, ceann amháin acu d'Fheighlithe agus Leanaí agus ócáid istoíche d'Fheighlithe Leanaí amháin. Ar an Luan, 30 Márta beimid ag céiliúradh le cóisir ag an Mhaidin Shúgartha d'Fheighlithe Leanaí in Ionad Pobail an Bhaile Bháin. Beidh fáilte roimh cúramóirí, roimh na leanaí atá ina gcúram agus roimh a gcuid leanaí féin teacht óna 10.00 am ar aghaidh chun socrú síos agus súgradh. Ag 10.30 rachaidh Laurie ó Gymboree i mbun imeachtaí na leanaí le haghaidh uair a chloig de cheol, amhráin agus spraoi ina mbeidh leanaí agus daoine fásta páirteach i dteannta a chéile. Ag 11.30 beidh lón céiliúrtha oiriúnach do leanaí againn ag a mbeidh ceapairí, torthaí, sú agus bainne agus Tae agus Caifé do na daoine fásta. Agus ar ndóigh céard is céiriúradh ann gan chíste!

Níl aon chostas isteach ar an ócáid seo. Ní mór, áfach, dóibh siúd a bheidh ag freastal a gcuid áiteanna a áirithint roimh ré toisc go bhfuil uimhreacha da dhíth don lónadóireacht. Féach an *Fhoirm Chláraithe* ar an leathanach cúil.

Dinnéar le haghaidh Feighlithe Leanaí is ea an dara ócáid. Tá an House Hotel i gCathair na Gaillimhe curtha in áirithint againn le haghaidh dinnéir 3 chúrsa ó 8.00 pm ar an Aoine 3 Aibreán. Ba chóir go mbeadh sé ina ócáid álainn chun teacht le chéile agus céiliuradh a dhéanamh ar an dea-obair a dhéanann Feighlithe Leanaí gach lá ag tabhairt aire do leanaí agus tacaíocht do theaghlaigh. Tá costas de €10.00 d'Fheighlithe ar an ócáid seo agus is gá réamháirithint a dhéanamh. Féach an *Fhoirm Chláraithe* ar an leathanach cúil.

Le linn Seachtain Náisiúnta na bhFeighlithe Leanaí ar fad bí ag éisteacht leis an bhfógra poiblíochta ar Galway Bay FM a dhíreoidh aird ar an tseachtain.

Is é **"Síolta – ag cur Uisce ar Shíolta an Ardchaighdeáin i bhFeidhlíocht Leanaí"** atá mar théama ag an tSeachtain, mar atá socraithe ag Cumann Feighlíocht Leanaí na hÉireann. Is féidir le héinne gur mian leo Lámhleabhar Feighlithe Síolta a bhailiú bualadh isteach go dtí ár n-oifig.

Ná déan dearmad: beidh Maidin Fheighlithe Leanaí Thuama ar siúl le linn Seachtain na bhFeighlithe Leanaí: Dé Céadaoin 1 Aibreán, 1100 – 1.30 pm ag Go Bananas (féach an painéal taobh istigh le haghaidh sonraí)

Seiminéar d'Fheighlithe Leanaí socraithe do Mhí an Mheithimh

Tá an dara Sheiminéar Lae d'Fheighlithe Leanaí curtha in áirithint ag an Óstán Clayton don 13 Meitheamh. Tosnóidh sé ag 9.30am le clárú, tae agus caifé. Is í Mary Daly ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a bheidh mar phríomh-chainteoir agus tabharfaidh sise an chaint ar maidin a dhíreoidh ar an gCreat Luathfhoghlama. Tá dhá cheardlann beartaithe don lá, ceann acu 'Caring for the Child with Additional Needs in the Childminding Setting' a thabharfaidh Jan Mulvany. Tabharfaidh Sue Corbett agus Ann Marie Lydon ó Sheirbhisí Diaiteitice Pobail an HSE an dara cheardlann, a dhíreoidh ar chúrsaí cothaithe, ullmhúchán bia do leanaí agus ar phleanáil biachláir d'Fheighlithe Leanaí. Beidh lón san áireamh ins an lá agus críochnóimid le seisiún spraoi, ag tabhairt ceoil agus damhsa chuig leanaí.

Úsáid an *Fhoirm Chláraithe* ar an leathanach cúil. Tá táille de €20 de dhíth chun d'áit a chur in áirithint. **Tá an seiminéar seo teoranta do 40 áit mar sin déan d'áirithint go luath!**

AG COINNEÁIL LEANAÍ SLÁN: Coiste Cúraim Leanaí na Gaillimhe ag cabhrú le Tuismitheoirí agus le Cúramóirí Rogha Cúramach a Dhéanamh.

Tá treoirlínte agus eolas do thuismitheoirí agus do chúramóirí faoi conas seirbhísí agus gníomhaíochtaí a roghnú atá sábháilte do leanaí sa mbilleog nua, *'Ag Coinneáil Leanaí Slán'*.

Dúirt Mary Giblin, Comhordaitheoir CCL na Gaillimhe; " Tá sábháilteacht leanaí rí-thábhachtach agus tá dualgas cúraim ar gach eagraíocht agus iad ag obair le leanaí. Cé go bhfuil freagracht ar thuismitheoirí agus ar chúramóirí a chinntiú go mbíonn leanaí slán i gcónaí, tá dea-chaighdeáin maidir le leas leanaí bunúsach do gach eagraíocht, cibé a n-íoctar nó nach n-íoctar na hoibrithe" .

Tá faisnéis maidir leis na cleachtais is fearr sna seirbhísí agus an chaoi le hábhar imní a chur in iúl má tá tuismitheoirí nó cúramóirí míshásta leis an eagraíocht sa bhilleog *'Ag Coinneáil Leanaí Slán'*. Mar a mhínigh Bríd Burke, Oifigeach Eolais agus Comhairle Tús Aite do Leanaí an FSS, "mar shampla, is gá do gach grúpa nó eagraíocht duine ainmnithe agus nós imeachta ceaptha a bheith acu chun freagairt d'ábhar imní maidir le Cosaint Leanaí nó Leas Leanaí . Beidh an duine ainmnithe freagrach as comhairle a lorg ón FSS má tá imní orthu maidir le sábháilteacht nó leas linbh".

Seoladh na Seirbhíse 'Bus Spraoi'

Cuir Dé Sathairn, 18 Aibreán, i bhur ndialainn nuair a seoltar an Bus Súgartha Taistil úrnua, nó 'An Bus Spraoi' do Chonamara agus an Iarthar. Tá sé cruthaithe go bhfuil móréileamh idir leanaí agus tuismitheoirí i gceantar Chonamara ar an áis taistil seo, a thairgíonn seisiúin chúraim leanaí do pháistí ó dhá bhlian go leith d'aois go cúig bhliana d'aois. Tá an chéad seirbhís ag feidhmiú ó 2003 i leith i dteannta seirbhíse eile i gcathair na Gaillimhe. Reáchtálfar an ócáid phobail sin ar an gCeathrú Rua agus beidh 'ceol agus craic' ar an lá maraon le gníomhaíochtaí spraiúla do na leanaí. Beidh fáilte roimh chách, mar sin cén fáth nach dtiocfadh sibh ann chun an-tráthnóna a chaitheamh i dteannta na bpáistí?

Cé nach mbeidh formhór feighlithe leanaí ag obair ar an tSatharn, ba mhaith linn fáilte a chur romhaibh teacht, nó insint do na teaghlaigh a sholáthraíonn sibh cúram dóibh faoi, chun go mbeidh siad sin in ann freastal ar ár gcéiliúradh.

Seirbhís uathúil is ea an Bus Spraoi agus tig le leanaí nach mbeadh an deis acu de ghnáth cuairt a thabhairt air é sin a dhéanamh ar an lá speisialta seo. Chun níos mó eolais a fháil déan teagmhail le Colette Coughlan, Oifigeach Eolais, Coiste Cúraim Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe.

Comhdháil 'International Family Daycare': Fóirdheontas d'Fheighlithe Leanaí chun freastal ar an gcomhdháil

Tá buiseád curtha i leataobh ag Coiste Cúraim Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe chun tacaíocht a thabhairt d' Fheighlithe Leanaí na Gaillimhe le freastal ar Chomhdháil International Family Daycare i gCorcaigh ón 20 Iúil go 25 Iúil. Tá cinneadh déanta againn páirtmhaoiniú a dhéanamh ar chostais chóiríochta agus clárúcháin, suas go huasmhéid de 50% de na costais a bhaineann, beidh sé sin teoranta, áfach, ag an líon Feighlithe Leanaí a fhreastalaíonn. Chun an chistíocht gur féidir linn gealltanas a thabairt ina leith a chinntiú agus lena chur in iúl do gach Feighlí Leanaí an méid cistíochta gur féidir linn gealltanas a thabhairt maidir lena sholáthar, táimid ag éileamh ar gach einne a bhfuil spéis acu freastal ar an gcomhdháil an Fhoirm Léiriú Spéise (thíos) a chomhlánú agus a sheoladh ar ais go dtí CCL na Gaillimhe roimh dheireadh Mhí Márta. Ag an dtráth sin, déanfaimid measúnú ar na hiarratais laistigh de theorannacha an bhuiséid. Scríobhfaimid ansin chuig gach iarratasóir ag cur in iúl dóibh an méid a mbeimid in ann a thabhairt dóibh duine ar dhuine. Beidh aisíoc na gcostas ar an gcaoi céanna leis an gcóras Deontais CMD. Déanfaimid íocaíochtaí le Feighlithe Leanaí a fhreastalaíonn, tar éis na hócáide, ar chostais le hadmhálacha a chuidíonn leis an éileamh. Cinnteofar leis na hiarratasóirí, áfach, sula fhreastalaíonn siad, na suimeanna atá geallta ag CCL na Gaillimhe.

Má tá ceisteanna ag éinne maidir leis an bpróiséas seo, cuir glaoch ar Sheila Garrity ag CCL na Gaillimhe chun soiléiriú a fháil. Tá súil againn gur próiséas cothrom a bheidh ann agus go bhfaighidh gach Feighlí Leanaí gur mian leo freastal ar an gcomhdháil tacaíocht éigin ó CCL na Gaillimhe.

Foirm Léiriú Spéise: Comhdháil International Family Daycare (Gearr amach é seo agus seol ar ais é roimh dheireadh Mhí Márta)

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar chúnamh deontais chun freastal ar Chomhdháil International Family Daycare i gCorcaigh. “0 go 25 Iúil 2009.

Ainm: _____ Teil: _____ Fón Póca: _____ _____

Seoladh: _____ Rphost: _____

Cé acu bosca is fearr a dhéanann cur síos ar do Sheirbhís Feighlíochta Leanaí :

Oibrím Seirbhís Feidhlíochta Leanaí curtha in iúl do FSS an Iarthair	
Oibrím Seirbhís Feidhlíochta Leanaí atá díolmhaithe ó na Rialúchain i dtaobh Seirbhísí Réamhscoile. Tá na Treoirlínte Náisiúnta dFheighlithe Leanaí críochnaithe agam agus táim curtha in iúl go deonach do Choiste Cúraim Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe.	
Oibrím Seirbhís Feidhlíochta Leanaí atá díolmhaithe ó na Rialúchain i dtaobh Seirbhísí Réamhscoile. Táim ag obair faoi láthair chun na Treoirlínte Náisúnta d’Fheighlithe Leanaí a chríochnú le cúnamh ó Choiste Cúraim Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe.	
Oibrím Seirbhís Feighlíochta Leanaí atá díolmhaithe ó na Rialúchain i dtaobh Seirbhísí Réamhscoile. Faighim comhairle, ta-caíocht agus cabhair agus tacaíocht ó Choiste Cúraim Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe.	
Tá Seirbhís Feighlíochta Leanaí á bunú agam. Tá comhairle, tacaíocht agus cabhair á bhfáil agam ó Choiste Cúraim Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe.	
Oibrím Seirbhís Feidhlíochta Leanaí neamhfhoirmeálta díolmhaithe ó na Rialúchain i dtaobh Seirbhisí Réamhscoile. Ní fhaighim aon chabhair ó Choiste Cúraim Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe.	

Tá mo chostais mheasta mar seo a leanas:

Clarú	Costas Iomlán	Uasmhéid Maoiniúchain: : 50%	Iomlán an Éilimh
An Ócáid Iomlán: Ball de Childminding Ireland	€350.00	€175.00	
An Ócáid Iomlán: Nílim im’ Bhall	€450.00	€225.00	
Toscaire Lae	€150.00	€75.00	
Cóiríocht: Teorainn aisíocaíochta socraithe ag €50 an oíche	Uasmhéid €100.00	€50.00 an oíche	
Clár Sóisialta: Aoine 24 Iúil Mór-Dhinnéar €60/Oíche Theach Tabhairne €40	€60.00/€40.00	€30.00/€20.00	
IOMLÁIN:			

Tuigim gur iarratas an Léiriú Spéise seo agus nach bhfuil aon maoiniúchan geallta dom ag Coiste Cúraim Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe ag an am seo. Gheobhaidh mé, áfach, deimhniú i scríbhinn roimh an gcomhdháil maidir leis an méid a gheallfaidh CCL na Gaillimhe dom.
Tuigim go ndéanfar na híocaíochtaí ar dheontais tar éis na comhdhála, agus nach ndéanfar íocaíochtaí ach ar chostais le hadmhálacha, le haghaidh costais cóiríochta agus cláraithe, mar a comhaontaíodh roimh freastal ar an ócáid.
Tuigim go bhfuil sé mar fhreagracht ormsa teagmháil a dhéanamh le lucht eagraithe na comhdhála (féach na sonraí ar leathanach 2 den nuachtlitir seo) agus mo chuid socruithe féin a dhéanamh maidir le clárú, cóiríocht, iompar etc. Níl Coiste Cúraim Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe freagrach as aon deacrachtaí nó botúin a tharlaíonn le linn an phróiséis. Tuigim nach bhfaighidh mé aon mhaoiniúchan muna bhfreastalaím ar an gcomhdháil

Síniú: _____ Dáta: _____

Sonraí clárúcháin ‘International Family Daycare’

Chun clárú don chomhdháil déan teagmháil le ceann de na heagraíochtaí seo a leanas:

Tá sonraí clárúcháin ag The International Family Daycare Organisation ar a láithreán greasáin: www.ifdco.com

Tá nasc ag Cumann Náisiúnta Feidhlíocht Leanaí na hÉireann (Childminding Ireland) óna láithrean gréasáin go IFDCO le haghaidh faisnéis maidir leis an gcomhdháil. Tá siad ag www.childminding .ie nó is féidir glaoch a chur orthu ar 01-2878466.

Is iad Conference Partners Ltd., Urlár 2, Heritage House, Lárionad Oifige Dhún Droma, Baile Átha Cliath 14, atá ag eagrú na comhdhála.

Déan teagmháil le Orla Cahalane ag 01-2968688.

Níl aon bhaint ag Coiste Cúraim Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe leis an gcomhdháil ná leis an bpróiséas clárúcháin ach tá tacaíocht le tabhairt d’fheighlithe leanaí gur mian leo freastal ar an ócáid.

Coiste Cúraim Leanaí Chontae agus Chathair na Gaillimhe

9B Ionad Miondíola Lieasa Bhán
Bóthar Thuama
Gaillimh

Fón: 091-752039
Faics: 091-735701
Riomhphost: sheila@galwaychildcarecom
Fón Póca: 087-9421895

www.galwaychildcare.com

Picnic Bhéirín Bhréige na bhFeighlithe Leanaí: Ócáid Trí-Chontae!

Tá na hOifigigh Comhairleacha d'Fheighlithe Leanaí i gContae na Gaillimhe, Contae Uíbh Fhailí agus Contae Thiobraid Árainn ag eagrú ócáide in Oirdheisceart Chontae na Gaillimhe d'Fheighlithe Leanaí sna trí chontae sin. Reáchtálfar an Phicnic Bhéirín Bhreige ar an 6 Bealtaine i bPáirc Foraoisé Phort Omna. Am: 10.30 – 12.30. I measc na n-imeachtaí a bheidh ar siúl beidh scé-alaíocht, péintéireacht aghaidhe agus cluichí. Níl aon chostas ar fhreastal. Chun níos mó eolais a fháil déan teagmháil le Fiona McHugh, Oifigeach Comhairleach d'Fheighlithe Leanaí do Chontae Uíbh Fhailí ag Seirbhísí Réamhscolaíochta.

Eolas ar Chursaí Oiliúina

Clárú le haghaidh:	**Ionad**	**Dáta:**	**Am**	**Costas**
Oiliúint Gharchabhrach:	Cathair na Gaillimhe. Óstán Menlo Park.	30/31 Bealtaine	10am-5pm	€25.00
Oiliúint Gharchabhrach:	Ionad Chúram Leanaí an Spidéil,	25/26 Aibreán	10am-5pm	€25.00
Lá Seiminéir d'Fheighlithe Leanaí,	Óstán Clayton,	13 Meitheamh,	9.30am – 3pm	€20.00
Dinnéar na bhFeighlithe Leanaí,	An tÓstán House, Gaillimh.	3 Aibreán,	7.30pm	€10.00

Céiliúradh Seachtain Náisiúnta na bhFeighlithe Leanaí ag Grúpa Súgartha Maidine an Bhaile Báin. ÓCÁID SAOR IN AISCE.

Déan réamh-áirithint ar an líon leanaí agus daoine fásta a bheidh ag freastal. Am:10-12.30, Dé Luain 30 Márta. Seol téacs nó ríomhphost chun na huimhreacha a dheimhniú. Chomh maith leis sin, aon ailléirgí bia?

Má tá spéis agat freastal ar chúrsa déan teagmháil le Sheila Garrity ag na huimhreacha thuasluaite.